



## SONRÚCHÁN POIST

**Taighdeoir Iardhochtúireachta  
Creat Gairme DCU – Leibhéal 1  
Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge  
Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta  
Conradh ar Théarma Seasta suas le 3 bliana**

### **Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath**

Ollscoil óg, uaillmhianach, bhríomhar is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ([www.dcu.ie](http://www.dcu.ie)) a bhfuil de mhísean aici 'an saol agus an tsochaí a chlaochlú tríd an oideachas, taighde, nuálaíocht agus rannpháirtíocht'. Is fearr eolas uirthi in Éirinn mar 'Ollscoil na Fiontraíochta agus an Chlaochlaithe', agus tá sí tiomanta do chothú na tallainne, mar aon le haimsiú agus aistriú an eolais chun leas na sochaí agus an gheilleagair a chur chun cinn. D'ainmnigh *The Sunday Times* DCU mar Ollscoil Éireannach na Bliana in 2021.

Tá an Ollscoil lonnaithe ar thrí champas acadúla i gceantar Ghlas Naíon agus Droim Conrach i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath. Tá breis agus 18,000 mac léinn cláraithe sna cúig Dhámh inti – Eolaíocht agus Sláinte, Scoil Ghnó DCU, Ríomhaireacht agus Innealtóireacht, Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta, agus Institiúid Oideachais DCU. Tá DCU tiomanta don fheabhas ina cuid gníomhaíochtaí uile. Léirítear sin trí na tionscnaimh thaighde ardscotha, a cur chuige ceannródaíoch um theagasc agus foghlaim, an bhéim a leagtar ar eispéireas claochlaitheach a chruthú dá cuid mac léinn, agus a dea-thionchar sóisialta agus eacnamaíoch. De thairbhe thiomantas sin na foirne acadúla agus na mac léinn, rangáítear DCU i measc an 2% is fearr d'ollscoileanna an domhain. Luaitear go rialta í i measc an 100 Ollscoil Óg ar domhan (sa *QS Top 70 Under 50* agus *Times Higher Top 150 Under 100* faoi láthair).

Sa *Times Higher Education University Impact Rankings*, rangáítear DCU san 84ú háit ar domhan – rangú ina meastar an chaoi a gcuireann institiúidí ardoideachais le Cuspóirí na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe. Le deich mbliana anuas, tá DCU ar thús cadhnaíochta i measc ollscoileanna na hÉireann i réimse aistriú na teicneolaíochta, i bhfianaise cheadúnú na maoinne intleachtúla.

Mar chuid den ról seo iarrfar ar an taighdeoir bheith rannpháirteach i gCreat Gairme um Thaighde DCU. Tá an creat seo deartha i dtreo is go gcuirfear raon deiseanna um fhorbairt ghairmiúil ar fáil do thaighdeoirí agus go mbeidh na deiseanna is fearr acu maidir le conair ghairme níos leithne a fhorbairt.

### **Forléargas: Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge**

Is grúpa taighde é Gaois a bhfuil léachtóirí, taighdeoirí agus mic léinn iarchéime páirteach ann. Tá sé de mhísean ag Gaois acmhainní iontaofa nuálaíocha a fhorbairt chun teanga agus saíocht na Gaeilge a chothú agus a chlaochlú. Tá eolas faoi na tionscadail éagsúla atá faoi chúram Gaois le fáil ag [www.gaois.ie](http://www.gaois.ie).

## **Cúlra agus Próifíl an Róil**

Beidh an té a cheapfar ina bhall de mheitheal idirdhisciplíneach a phléann le gnéithe den téarmaolaíocht, den teangeolaíocht chorpais, den logainmníocht, den bheathaisnéisíocht agus den bhéaloideas, i measc réimsí eile. Oibreoidh an taighdeoir iardhochtúireachta go dlúth le baill foirne Gaois agus lena chuid páirtneoirí taighde chun spriocanna na dtionscadal atá á reáchtáil acu a bhaint amach. Beidh an taighdeoir iardhochtúireachta freagrach do Phríomh-Imscrúdaitheoirí na dtionscadal éagsúil agus do Cheann Scoile Fiontar & Scoil na Gaeilge.

## **Dualgais agus Freagrachtaí**

- Feidhmiú mar an lárphointe teagmhála inmheánach agus seachtrach maidir le dul chun cinn na hoibre ar an tionscadal ar a bhfuil sé/sí ag obair ó lá go lá
- Eolas agus tacaíocht a chur ar fáil don Phríomh-Imscrúdaitheoir chun a chinntiú go mbainfear amach spriocanna gearrthréimhseacha agus fadtréimhseacha an tionscadail
- Ionchur don phleanáil mheántéarmach agus don phleanáil fhadtéarmach de réir mar is cuí
- Tuairisciú ar dhul chun cinn an tionscadail ag cruinnithe inmheánacha agus seachtracha
- An tionscadal a chur i láthair ag imeachtaí poiblíochta de réir mar is gá
- Cuidiú le scaipeadh torthaí taighde an tionscadail trí fhoilseacháin acadúla a ullmhú i gcomhar leis an bPríomh-Imscrúdaitheoir
- Teagasc a dhéanamh ar chlár Fiontar & Scoil na Gaeilge más cuí
- Obair riaracháin de chuid an tionscadail a dhéanamh
- Cuidiú le hiarratais ar mhaoiniú a dhréachtú

## **Riachtanais an Iarrthóra**

### **Riachtanach:**

- Céim PhD nó a hiontamhail (i.e. 4 bliana de thaighde lánaimseartha tar éis bunchéime) sa Ghaeilge, nó i réimse gaolmhar cuí
- Is gá d'iarrthóirí bheith líofa sa Ghaeilge agus caighdeán an-ard a léiriú i gcruinneas na Gaeilge scríofa, ar an leibhéal is gá chun téacs infhoilsithe a sholáthar\*

\*D'fhéadfadh scrúdú Gaeilge a bheith mar chuid den phróiseas iarratais

### **Inmhianaithe:**

- Taithí ar thaighde a dhéanamh i gceann de na réimsí seo a leanas: an téarmaolaíocht, an béaloideas, an ainmneolaíocht, na daonnachtaí digiteacha, taighde chorpais
- Taithí ar a bheith ag obair trí Ghaeilge i ról eagarthóireachta, aistriúcháin nó taighde
- Taithí ar fhoilseacháin acadúla a ullmhú
- Taithí ar thaighde a chur i láthair go poiblí
- Taithí riaracháin
- Bheith ábalta feidhmiú go héifeachtach mar chuid de fhoireann
- Bheith dea-eagraithe, tionscantach agus in ann spriocanna a chomhlíonadh
- Ardscileanna cumarsáide agus idirphearsanta

## **Déanfar iarrthóirí a mheas ar na hinniúlachtaí seo a leanas:**

**Eolas disciplín agus scileanna taighde** – Léiríonn eolas ar a ndisciplín taighde agus an cumas sainchlár taighde a stiúradh taobh istigh den disciplín sin

**Tuiscint ar an timpeallacht taighde** – Léiríonn feasacht ar an timpeallacht taighde (mar shampla, eagrais agus páirtithe leasmhara maoinithe) agus an cumas cur le hiarratais ar dheontais agus ar thionscnaimh mhaoinithe

**Taighde a chur in iúl** – Léiríonn an cumas a gcuid taighde a chur in iúl dá gcuid comhghleacaithe agus don phobal taighde trí chéile (mar shampla, cur i láthair a dhéanamh ag comhdhálacha agus taighde a fhoilsiú in irisí cuí) agus an acmhainneacht mic léinn a mhúineadh agus a theagasc

**Scileanna bainistíochta & ceannaireachta** – Léiríonn an acmhainneacht tionscadal taighde a bhainistiú, stiúradh mac léinn fochéime san áireamh

### **Oiliúint Éigeantach**

Ní mór don sealbhóir poist an oiliúint chomhlíonta éigeantach seo a leanas a chur i gcrích: Ionduchtú, Sláinte & Sábháilteacht agus Cosaint Sonraí (GDPR). Féadfaidh gur gá tabhairt faoi oiliúint eile nuair is cuí.